AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.11.2024
COM(2024) 528 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le gníomhaíochtaí Fhondúireacht na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS), an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG) agus an Bhoird Maoirseachta um Leas an Phobail (PIOB) in 2023

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le gníomhaíochtaí Fhondúireacht na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS), an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG) agus an Bhoird Maoirseachta um Leas an Phobail (PIOB) in 2023

1. RÉAMHRÁ

An 28 Aibreán 2021, ghlac an tAontas Eorpach Clár an Mhargaidh Aonair[1] chun tacú le rialachas an mhargaidh aonair agus é a neartú le EUR 4,21 billiún le linn na tréimhse 2021 go 2027. Foráiltear leis an Rialachán maidir le Clár an Mhargaidh Aonair go mbeidh imchlúdach buiséadach EUR 220,5 milliún ann do phróisis chaighdeánaithe, as a leithdháilfear EUR 61 mhilliún chun tacú le forbairt caighdeán idirnáisiúnta tuairiscithe airgeadais agus neamhairgeadais agus iniúchóireachta ar ardcháilíocht agus chun a gcomhtháthú i ndlí an Aontais a éascú.

Faoi Chlár an Mhargaidh Aonair, soláthraíonn an Coimisiún deontas bliantúil[2] d'Fhondúireacht na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (Fondúireacht IFRS), a mhéid a bhaineann le forbairt na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (Caighdeáin Cuntasaíochta IFRS), an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG) agus an Bord Maoirseachta um Leas an Phobail (PIOB). Tá ról tábhachtach ag na heagraíochtaí sin maidir le cáilíocht, iontaofacht agus infhaighteacht faisnéise airgeadais agus faisnéise inbhuanaitheachta i dtuarascálacha corparáideacha a áirithiú. Déantar achoimre sa tuarascáil seo ar a ngníomhaíochtaí in 2023[3], cé is moite de ghníomhaíochtaí Fhondúireacht IFRS i dtuairisciú inbhuanaitheachta, ós rud é nach bhfuil siad sin maoinithe (cómhaoinithe) ag deontas an Aontais.

2. FONDÚIREACHT IFRS

2.1. RIALACHAS

Eagraíocht neamhbhrabúsach is ea Fondúireacht IFRS a bunaíodh chun forbairt, cur chun cinn agus éascú a dhéanamh ar úsáid a bhaint as tacar amháin caighdeán cuntasaíochta agus nochtaí inbhuanaitheachta ardcháilíochta, atá intuigthe, infhorfheidhmithe agus aitheanta ar fud an domhain.

Déanann Fondúireacht IFRS óstáil ar an mBord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta (IASB), atá freagrach as forbairt Chaighdeáin Chuntasaíochta IFRS, agus ar an mBord Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Inbhuanaitheachta (ISSB), a bunaíodh i mí na Samhna 2021 le haghaidh forbairt na gCaighdeán um Nochtadh Inbhuanaitheachta IFRS.

[1] Rialachán (AE) 2021/690 lena mbunaítear Clár don mhargadh inmheánach agus d'iomaíochas fiontar), IO L 153, 3.5.2021, lch. 1–47.

[2] Soláthraíodh deontais san am atá caite faoi Rialachán (AE) 258/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 lena mbunaítear clár Aontais chun tacú le gníomhaíochtaí sonracha i réimse an tuairiscithe airgeadais agus na hiniúchóireachta don tréimhse 2014-2020 agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh 716/2009/CE (IO L 105, 8.4.2014, lch. 1.).

[3] De bhun Airteagal 18(3) de Rialachán (AE)2021/690, foilsíonn an Coimisiún seo tuarascáil gach bliain.

Athneartaíonn an Bord Faireacháin, a bhfuil an Coimisiún ina chomhalta de, feidhm formhaoirseachta Fhondúireacht IFRS maidir le leas an phobail agus cuireann sé forbairt leanúnach Chaighdeáin IFRS agus ISSB chun cinn mar thacair ardcháilíochta caighdeán domhanda cuntasaíochta agus caighdeán nochtaí domhanda inbhuanaitheachta.

Faoi Rialachán (AE) Uimh. 1606/2002[4] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta a chur i bhfeidhm ('Rialachán IAS'), féadfaidh an Coimisiún Caighdeáin Chuntasaíochta IFRS nua nó leasaithe a fhormhuiniú agus comhairle EFRAG maidir le formhuiniú á cur san áireamh. I bhfianaise thábhacht eacnamaíoch Chaighdeáin Chuntasaíochta IFRS, soláthraíonn an Coimisiún tacaíocht airgeadais d'Fhondúireacht IFRS chun Caighdeáin Chuntasaíochta IFRS a fhorbairt.

Bord ar a bhfuil 22 Iontaobhaí a rialaíonn Fondúireacht IFRS, bord atá freagrach go coiteann as maoirseacht ghinearálta agus as ceapacháin chuig IASB agus chuig ISSB. Tá ainmniú na nIontaobhaithe faoi réir cionroinnt de réir tionscnamh geografach agus faoi réir fhormheas an Bhoird Faireacháin.

Tá 14 chomhalta ar IASB agus ar ISSB, ar ó chúlraí éagsúla náisiúnta agus gairmiúla iad, lena n-áirítear an saol acadúil, saol na cuntasaíochta, saol na hinbhuanaitheachta, saol na hinfheistíochta, ullmhaitheoirí, an saol rialála margaidh nó airgeadais agus socrú caighdeán. Ainmnítear comhaltaí IASB agus ISSB ar feadh téarma 5 bliana, atá inathnuaite uair amháin. Tá Andreas Barckow ina chathaoirleach ar IASB agus tá Emmanuel Faber ina chathaoirleach ar ISSB.

Ceapann na hIontaobhaithe an 14 chomhalta de Choiste Léirmhíniúcháin IFRS freisin, atá tiomanta do chur i bhfeidhm Chaighdeáin Chuntasaíochta IFRS a léirmhíniú agus do threoraíocht a chur ar fáil maidir le saincheisteanna tuairiscithe airgeadais agus maidir le comhaltaí Chomhairle Comhairliúcháin IFRS.

2.2 GNÍOMHAÍOCHTAÍ

2.2.1. SOCRUITHE CAIGHDEÁNACHA

I mí na Bealtaine 2023, d'eisigh IASB leasuithe áirithe ar IAS 12 *Cánacha Ioncaim*. Tugtar isteach leis na leasuithe eisceacht shealadach ó chuntasaíocht a dhéanamh ar chánacha iarchurtha a eascraíonn as cur chun feidhme rialacha samhla Cholún a Dó de chuid ECFE, chomh maith le nochtaí spriocdhírithe le haghaidh cuideachtaí a ndéantar difear dóibh.

I mí na Bealtaine 2023 freisin, d'eisigh IASB leasuithe ar IAS 7 *Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus* IFRS 7 *Ionstraimí Airgeadais*: *Nochtaí*. Tugtar isteach leis na leasuithe ceanglais maidir le nochtadh faoi shocruithe airgeadais soláthróra cuideachta.

I mí Lúnasa 2023, d'eisigh IASB leasuithe ar IAS 21 *Iarmhairtí atá ag Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí,* lena sonraítear nuair atá airgeadra inmhalartaithe go hairgeadra eile agus, nuair nach bhfuil, conas a chinneann cuideachta an ráta malairte atá le cur i bhfeidhm, agus na nochtaí a sholáthróidh cuideachta nuair nach bhfuil airgeadra inmhalartaithe.

[4] IO L 243, 11.9.2002, lch. 1.

Ar deireadh, thug Fondúireacht IFRS tacsanomaíocht IFRS cothrom le dáta chun impleachtaí na gcaighdeán agus na leasuithe nua a léiriú[5].

Tá forbhreathnú iomlán ar na gníomhaíochtaí bunaithe caighdeán, lena n-áirítear obair Choiste Léirmhíniúcháin IFRS, le fáil ar shuíomh gréasáin Fhondúireacht IFRS[6].

2.2.2. TIONSCADAIL

I mí an Mhárta 2023, d'eisigh IASB Réamhdhréacht, *Leasuithe ar Aicmiú agus Tomhas Ionstraimí Airgeadais,* lena dtugtar aghaidh ar cheanglais shonraithe maidir le haicmiú agus tomhas, lena n-áirítear na ceanglais sin a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don chuntasaíocht le haghaidh sócmhainní airgeadais atá nasctha le ESG. Is obair leantach iad na leasuithe sin ar an *Athbhreithniú Iar-chur chun feidhme ar IFRS 9 Ionstraimí Airgeadais – Aicmiú agus Tomhas.* D'eisigh IASB na leasuithe an 30 Bealtaine 2024.

I mí na Bealtaine 2023, d'eisigh IASB iarraidh ar fhaisnéis maidir le *hAthbhreithniú Iar-chur chun feidhme ar* IFRS 9 *Ionstraimí Airgeadais – Lagú* chun tuairimí a lorg ó gheallsealbhóirí maidir leis na ceanglais lagaithe a liostaítear ann agus na nochtaí gaolmhara.

I mí an Mheithimh 2023, d'eisigh IASB iarraidh ar fhaisnéis maidir le *hAthbhreithniú Iar-chur chun feidhme ar* IFRS 15 *Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí* chun tuairimí geallshealbhóirí a lorg maidir leis na ceanglais a liostaítear ann.

I mí Iúil 2023, chinn IASB IFRS 9 a leasú chun léiriú níos fearr a thabhairt ar éifeacht na gComhaontuithe Ceannaigh Cumhachta (CCC) ar na ráitis airgeadais, ós rud é go bhfuil cuideachtaí ag déanamh CCC níos minice chun fuinneamh in-athnuaite a sholáthar. Tá CCC ina chuid thábhachtach freisin de thiomantas chuideachtaí na hEorpa éifeachtaí an athraithe aeráide a mhaolú agus a bpróisis táirgthe agus a dtáirgí a dhícharbónú. D'eisigh IASB Réamhdhréacht CCC an 8 Bealtaine 2024.

I mí Mheán Fómhair 2023, d'eisigh IASB Réamhdhréacht, *Feabhsuithe Bliantúla ar Chaighdeáin Chuntasaíochta IFRS – Imleabhar 11,* lena bhféachtar le foclaíocht i gCaighdeáin Chuntasaíochta IFRS éagsúla a shoiléiriú nó le hiarmhairtí, dearmaid nó coinbhleachtaí réasúnta beag neamhbheartaithe a bhaineann le ceanglais i gCaighdeáin Chuntasaíochta IFRS a cheartú. An 18 Iúil 2024, d'eisigh IASB na leasuithe críochnaitheacha.

I mí na Samhna 2023, d'eisigh IASB Réamhdhréacht *Ionstraimí Airgeadais a bhfuil Saintréithe Cothromais* acu, lena soiléirítear conas ba cheart do chuideachta idirdhealú a dhéanamh idir ionstraimí fiachais agus an ionstraim chothromais a eisíonn sí.

Le linn 2023, thug IASB a phlé maidir le tionscadail *Príomhráitis Airgeadais* agus *Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí*: *Nochtaí* chun críche freisin agus tá sé beartaithe aige dhá Chaighdeán Chuntasaíochta IFRS nua a eisiúint in 2024: IFRS 18 *Cur i láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais agus* IFRS 19 *Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí*: *Nochtaí.*

[5] Tugtar tacaíocht, leis an maoiniú a chuireann an tAontas Eorpach ar fáil, do thacsanomaíocht IFRS a thabhairt cothrom le dáta go tráthúil freisin, rud a fheidhmíonn mar ionchur d'Fhormáid Leictreonach Aonair Eorpach.

[6] Plean oibre Fhondúireacht IFRS: https://www.ifrs.org/projects/work-plan/; agus tionscadail a tugadh chun críche: https://www.ifrs.org/projects/completed-projects/.

Tá forbhreathnú iomlán ar na tionscadail le fáil ar shuíomh gréasáin Fhondúireacht IFRS[7].

2.3. TRÉDHEARCACHT AGUS CUNTASACHT

2.3.1. RIALACHA TRÉDHEARCACHTA

Tá cruinnithe uile IASB agus Choiste Léirmhíniúcháin IFRS oscailte don phobal. Foilsítear cláir oibre na gcruinnithe roimh ré agus is féidir féachaint ar na cruinnithe féin ar líne. Ina theannta sin, foilsíonn IASB cruinnithe ráithiúla le páirtithe leasmhara ar a shuíomh gréasáin[8].

2.3.2. IONADAÍOCHT AR GHEALLSHEALBHÓIRÍ

Le bunreacht Fhondúireacht IFRS, ceanglaítear go gceapfar seisear Iontaobhaithe ón Eoraip, chomh maith le Meiriceá agus an Áise-an Aigéine, móide Iontaobhaí amháin ón Afraic agus triúr Iontaobhaithe ó limistéar ar bith ar choinníoll go gcoimeádfar cothromaíocht gheografach fhoriomlán. Ar an tslí chéanna, leis na critéir chun duine a cheapadh ina chomhalta boird ar IASB, ceanglaítear go gceapfar ceathrar comhalta ó gach réigiún, comhalta amháin ón Afraic agus comhalta amháin ó limistéar ar bith.

An 31 Nollaig 2023, bhí Comhairle Chomhairleach IFRS comhdhéanta de 51 eagraíocht lena n-áirítear an Banc Ceannais Eorpach (BCE) agus an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA). Tá an Coimisiún rannpháirteach mar bhreathnóir.

2.3.3. COINBHLEACHTAÍ LEASA A CHOSC

Ceaptar Iontaobhaithe Fhondúireacht IFRS ar feadh téarma 3 bliana ar féidir é a athnuachan uair amháin, agus ní mór dóibh gealltanas a thabhairt go ngníomhóidh siad ar mhaithe le leas an phobail. I bprionsabal, ní féidir le hIontaobhaí agus Comhalta den Bhord Faireacháin a bheith fostaithe ag an eagraíocht chéanna.

Tá gach comhalta IASB lánaimseartha agus ní mór dóibh deireadh a chur le gach caidreamh fostaíochta agus ceangal a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá neamhspleáchas. Ní cheadaítear iasacht ó fhostóir ná cearta chun ath-chomhtháthú leis an iarfhostóir.

2.3.4. MIONDEALÚ AR AN GCISTIÚCHÁN

In 2023, fuair fondúireacht IFRS deontas EUR 3,05 milliún ón gCoimisiún le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le IASB, méid arbh ionann é agus 16,4 % de na ranníocaíochtaí iomlána le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le IASB a fuarthas. Ba é an Coimisiún an ranníocóir ba mhó i gcónaí, cé gur tháinig laghdú ar an sciar coibhneasta de chistiúchán an Choimisiúin agus na mBallstát i gcomparáid le 2022 (ó 34,4 % go 32,0 %).

Léirítear le miondealú ar an gcistiúchán le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann leis an IASB de réir príomhlimistéar geografach agus líonraí idirnáisiúnta cuntasaíochta go ndearna an tAontas agus a Bhallstáit 32,0 % de na ranníocaíochtaí uile agus go ndearna an Áise-an Aigéine

[7] Plean oibre Fhondúireacht IFRS: https://www.ifrs.org/projects/work-plan/; agus tionscadail a tugadh chun críche: https://www.ifrs.org/projects/completed-projects/.
[8] https://www.ifrs.org/groups/international-accounting-standards-board/stakeholder-engagement-register/.

35,6 %, líonraí idirnáisiúnta cuntasaíochta 15,5 %, Críocha Mheiriceá 5,7 %, an Afraic 0,8 % agus limistéir eile 10,3 % de na ranníocaíochtaí uile.

Leanadh leis an treocht íslitheach i ranníocaíochtaí le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le IASB le Fondúireacht IFRS le blianta beaga anuas in 2023. Bhí laghdú foriomlán 5,0 % (GBP 848 000) ar ranníocaíochtaí tuairiscithe ina n-iomláine, ach bhí éagsúlacht mhór idir ranníocóirí. Tá an laghdú bunaithe go príomha ar laghdú thart ar 20 % ar chistiú deontais an Choimisiúin.

Ba é GBP 49,5 milliún barrachas coinnithe iomlán Fhondúireacht IFRS amhail an 31 Nollaig 2023.

3. EFRAG

3.1. RIALACHAS

Is eagraíocht é EFRAG a fhaigheann cistiúchán ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach, a oibríonn ar mhaithe le leas an phobail agus lena mbaineann foirm dhlíthiúil AISBL (eagraíocht neamhbhrabúsach idirnáisiúnta sa Bheilg). Ó 2022 i leith, tá démhisean ag EFRAG.

I réimse an tuairiscithe airgeadais, is é misean EFRAG gníomhú ar mhaithe le leas phobal na hEorpa trí thuairimí na hEorpa sa réimse tuairiscithe airgeadais a fhorbairt agus a chur chun cinn agus a áirithiú go mbreithnítear na tuairimí sin i gceart i bpróiseas socraithe caighdeán IASB agus i ndíospóireachtaí gaolmhara idirnáisiúnta. Tugann EFRAG comhairle don Choimisiún maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart don Aontas Caighdeáin Chuntasaíochta IFRS nua (nó athbhreithnithe) a fhormhuiniú, bunaithe ar chritéir Rialachán IAS[9]. Chomh maith leis sin, déanann EFRAG obair thaighde cuntasaíochta réamhghníomhach freisin.

I réimse an tuairiscithe inbhuanaitheachta, de bhun na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach[10], soláthraíonn EFRAG comhairle theicniúil don Choimisiún i bhfoirm dréacht-Chaighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta a forbraíodh faoi phróis chuí láidir agus tacaíonn sé le cur chun feidhme éifeachtach ESRS. Agus dréacht ESRS á fhorbairt aige, ba cheart do EFRAG dréacht ESRS a ailíniú le bunaitheoirí caighdeán idirnáisiúnta eile, go háirithe ISSB agus an Tionscnamh Domhanda um Thuairisciú.

Tá Bord Riaracháin EFRAG freagrach as formhaoirseacht phróise cuí a dhéanamh ar gach comhlacht teicniúil. Agus é sin á dhéanamh, tacaíonn Coiste um Próis Chuí leis. Le linn 2023, bhí Wolf Klinz ina chathaoirleach ar Bhord Tuairiscithe Airgeadais EFRAG, Patrick de Cambourg ar Bhord Tuairiscithe Inbhuanaitheachta EFRAG agus Hans Buysse ar Bhord Riaracháin EFRAG.

[9] Féach fonóta 4.

[10] Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, Treoir 2004/109/EC, Treoir 2006/43/EC agus Treoir 2013/34/EU, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta (IO L 322 an 16.12.2022, lch. 15).

3.2. COLÚN TUAIRISCITHE AIRGEADAIS

In 2023, bhí obair EFRAG ar thuairisciú airgeadais fós bunaithe ar chlár oibre IASB, Coiste Léirmhíniúcháin IFRS agus Fondúireacht IFRS go príomha.

Sula n-eisíonn EFRAG comhairle maidir le formhuiniú críochnaitheach i ndáil le Caighdeán Cuntasaíochta nua IFRS nó leasuithe ar Chaighdeáin Chuntasaíochta IFRS atá ann cheana a ghlac IASB, eisíonn EFRAG (dréacht-)litreacha barúlacha chuig IASB agus dréachtchomhairle maidir le formhuiniú don Choimisiún. Leis an bpróis chuí láidir sin, is féidir le geallsealbhóirí a dtuairimí a chur in iúl maidir le seasaimh EFRAG.

I dtéarmaí aschuir, d'eisigh EFRAG ceithre chomhairle maidir le formhuiniú críochnaitheach in 2023 i ndáil leis na leasuithe ar IFRS 16 *Léasanna* 'Dliteanas Léasa i nDíolachán agus in Aisléasú', maidir leis na leasuithe ar IAS 1 *Cur i láthair Ráiteas Airgeadais* 'Dliteanais Neamhreatha le Cúnaint', maidir leis na leasuithe ar IAS 12 *Cánacha Ioncaim* 'Athchóiriú Cánach Idirnáisiúnta – Rialacha Samhla Cholún a Dó', maidir le leasuithe ar IAS 7 *Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus* IFRS 7 *Ionstraimí Airgeadais*: *Nochtaí* 'Socruithe Airgeadais Soláthróra', agus comhairle formhuinithe chríochnaitheach eile maidir leis na leasuithe ar IAS 21 *Iarmhairtí Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí* 'Easpa Inmhalartaitheachta' i mí Eanáir 2024.

D'eisigh Bord Tuairiscithe Airgeadais EFRAG cúig litir barúlacha agus ceithre ráiteas aiseolais freisin, agus d'fhoilsigh sé páipéir taighde maidir le cuntasaíocht le haghaidh breithnithe athraitheacha.

Ina theannta sin, rinne EFRAG dlúthfhaireachán ar thionscadail thábhachtacha leanúnacha IASB a bhfuil coinne leo go mbeidh socrú caighdeán IASB ina cheangal ar fhormhuiniú an Aontais in 2024 nó 2025 mar thoradh orthu. Áirítear ar na tionscadail sin *Ráitis Airgeadais Phríomha, Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí*, agus *Gníomhaíochtaí um Rialáil Rátaí*. Le linn 2023 d'eagraigh EFRAG gníomhaíochtaí forleathana for-rochtana agus cruinnithe comhchéime chun a shainaithint cé acu agus conas a oibreodh cóireálacha cuntasaíochta IASB do thoghthóirí Eorpacha nó an mbeadh dúshláin ag baint lena gcur i bhfeidhm. Chuir EFRAG IASB ar an eolas ansin faoi shaincheisteanna a bhíonn le sárú ag geallsealbhóirí Eorpacha.

Trína Phainéal Acadúil agus a Líonra Acadúil, chuir EFRAG feabhas ar a gcomhar leis an lucht acadúil.

3.3. COLÚN TUAIRISCITHE INBHUANAITHEACHTA

An 20 Samhain 2022, chuir EFRAG an chéad tacar de 12 dhréacht de ESRS faoi bhráid an Choimisiúin. Cumhdaítear leo raon iomlán na saincheisteanna comhshaoil, sóisialta agus rialachais, lena n-áirítear an t-athrú aeráide, an bhithéagsúlacht agus cearta an duine. Soláthraíonn siad faisnéis d'infheisteoirí agus do gheallsealbhóirí eile chun tuiscint a fháil ar na rioscaí agus na deiseanna inbhuanaitheachta a bhfuil infheistíochtaí neamhchosanta dóibh chomh maith leis an tionchar atá ag cuideachtaí ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Ghlac an Coimisiún ESRS an 31 Iúil 2023. Foilsíodh an Gníomh Tarmligthe comhfhreagrach agus na hiarscríbhinní comhfhreagracha, tar éis do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle grinnscrúdú a dhéanamh orthu, san Iris Oifigiúil an 22 Nollaig 2023.

Le linn 2023, bhí tosaíocht ag EFRAG maidir leis an obair cur chun feidhme ar ESRS, agus ba é ab aidhm dó rannchuidiú leis an sprioc an t-ualach ar chuideachtaí a laghdú. Bhunaigh EFRAG ardán ceisteanna agus freagraí ar líne trínar féidir le cuideachtaí agus geallsealbhóirí eile freagraí a fháil ar cheisteanna teicniúla faoi ESRS. I mí na Nollag 2023, d'eisigh EFRAG trí dhréacht-treoirdhoiciméad cur chun feidhme do chuideachtaí a d'ullmhaigh a ráiteas inbhuanaitheachta de réir ESRS, lena gcumhdaítear measúnú ábharthachta, slabhra luacha a thuairisciú, agus pointí sonraí a liostú.

Rinne EFRAG dul chun cinn ina chuid oibre chun dréachtchaighdeáin tuairiscithe a fhorbairt maidir le caighdeáin le haghaidh FBManna. Go luath in 2024, bhí EFRAG in ann comhairliúchán poiblí a sheoladh maidir le dréachtchaighdeán lena úsáid ag FBManna liostaithe mar a fhoráiltear sa Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, chomh maith le caighdeán ar leith lena úsáid go deonach ag FBManna neamhliostaithe. A luaithe agus a thugtar chun críche iad, ba cheart go gcuideodh na caighdeáin chomhréireacha sin leis an ualach tuairiscithe ar FBManna a laghdú: chruthódh na caighdeáin le haghaidh FBManna liostaithe creat comhréireach maidir leis an tuairisciú a dhéanann eisitheoirí beaga agus cuideoidh na caighdeáin le haghaidh FBManna neamhliostaithe leis na cuideachtaí sin faisnéis a sholáthar do bhainc nó do ghrúpaí níos mó a áiríonn iad ina slabhra luacha.

Ina theannta sin, lean EFRAG dá obair ullmhúcháin do na dréachtchaighdeáin tuairiscithe earnáilsonracha, a cheanglaítear leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, agus do thacsanomaíocht dhigiteach XBRL a chuirfeadh ar chumas cuideachtaí an ceanglas a chomhlíonadh maidir leis an bhfaisnéis a thuairiscíonn siad a chlibeáil go digiteach.

Ina chuid oibre uile, lean EFRAG d'ardtosaíocht a thabhairt d'idir-inoibritheacht caighdeán Eorpach le caighdeáin dhomhanda a áirithiú, go háirithe le caighdeáin an Bhoird Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Inbhuanaitheachta (ISSB) agus an Tionscnaimh Dhomhanda um Thuairisciú. An 2 Bealtaine 2024, d'fhoilsigh EFRAG agus Fondúireacht IFRS treoir idir-inoibritheachta ina léirítear an t-ailíniú ardleibhéil a baineadh amach idir ESRS agus ISSB agus conas is féidir le cuideachta an dá thacar caighdeán a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear anailís mhionsonraithe ar an ailíniú i nochtaí a bhaineann leis an aeráid.

3.4. TRÉDHEARCACHT AGUS CUNTASACHT

3.4.1. RIALACHA TRÉDHEARCACHTA

Tá próis chuí phoiblí thrédhearcach ag EFRAG. Tugann próis chuí EFRAG sin deis do gach toghthóir san Eoraip a thuairimí a chur faoi bhráid EFRAG lena mbreithniú. Áirithítear leis go gcuirtear éagsúlacht na samhlacha cuntasaíochta agus eacnamaíochta agus na ndearcthaí san Aontas san áireamh agus suíomhanna EFRAG á gcinneadh, go háirithe maidir le Caighdeáin Chuntasaíochta IFRS a fhormhuiniú agus ESRS a fhorbairt.

Mar chuid dá phróis chuí, foilsíonn EFRAG dréacht-seasaimh le haghaidh comhairliúcháin, déanann sé tástálacha allamuigh agus cineálacha eile anailíse éifeachta, eagraíonn sé imeachtaí for-rochtana agus tugann sé faoi shuirbhéanna, foilsíonn na torthaí i ráitis aiseolais agus foilsíonn a sheasaimh chríochnaitheacha. Rannchuidíonn EFRAG le socrú caighdeán

fianaisebhunaithe trí thabhairt faoi staidéir chainníochtúla a chuireann bonn taca faoin díospóireacht ar litreacha barúlacha EFRAG agus comhairle maidir le formhuiniú atá ag éirí ina gcodanna níos tábhachtaí d'obair thaighde EFRAG de réir a chéile.

Tionóltar cruinnithe Bhord Tuairiscithe Airgeadais EFRAG agus cruinnithe Bhord Tuairiscithe Inbhuanaitheachta EFRAG, cruinnithe Shainghrúpa Teicniúil Tuairiscithe Airgeadais EFRAG agus cruinnithe Shainghrúpa Teicniúil Tuairiscithe Inbhuanaitheachta EFRAG agus cruinnithe Fhóram Comhchomhairleach na mBunaitheoirí Caighdeán EFRAG go poiblí. Foilsítear na cláir oibre, páipéir thacaíochta an chláir oibre agus achoimrí na gcruinnithe ar shuíomh gréasáin EFRAG. Is féidir breathnú ar na cruinnithe ar líne freisin agus fanann taifeadtaí ar líne ar feadh roinnt míonna. Coinníonn EFRAG clár trédhearcachta poiblí.

3.4.2. TRÉDHEARCACHT AGUS CUNTASACHT

Féachann EFRAG le cúlra ceart geografach, gairmiúil agus cothromaíocht inscne a bhaint amach ina Bhoird Tuairiscithe Airgeadais agus Tuairiscithe Inbhuanaitheachta, ina Ghrúpaí Saineolaithe Teicniúla comhfhreagracha, ina Ghrúpaí Oibre agus ina Phainéil Chomhairleacha, agus i nGrúpa Stiúrtha Shaotharlann na hEorpa agus ina thascfhórsaí tionscadail. Tá teorainn leis an líon comhaltaí ar an mBord Tuairiscithe Airgeadais agus ar an mBord Tuairiscithe Inbhuanaitheachta agus ar a Sainghrúpaí Teicniúla a bhfuil an náisiúntacht chéanna acu agus tá rialacha ann maidir le cúlra gairmiúil agus cothromaíocht inscne.

Is iad Eagraíochtaí is Comhaltaí EFRAG a ainmníonn comhaltaí Bhord EFRAG.

3.4.3. COINBHLEACHTAÍ LEASA A CHOSC

Tá beartas maidir le coinbhleacht leasa ag EFRAG mar bhonn taca faoina shainordú um leas an phobail, a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin EFRAG[11]. Deimhníonn comhaltaí Bhord EFRAG agus baill foirne EFRAG a neamhspleáchas gach bliain i ndearbhú sínithe.

3.4.4 TEAGMHÁLACHA LE PARLAIMINT NA HEORPA AGUS LEIS NA BALLSTÁIT

Bíonn dlúththeagmháil ag EFRAG le Feisirí Pharlaimint na hEorpa. Maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta, tá grúpa idirchaidreamh curtha ar bun ag Parlaimint na hEorpa a bhíonn i dteagmháil go rialta le EFRAG.

Freastalaíonn EFRAG go rialta ar chruinnithe Choiste Rialála Cuntasaíochta an Choimisiúin Eorpaigh agus ar chruinnithe Shainghrúpa na mBallstát maidir le hAirgeadas Inbhuanaithe chun saincheisteanna atá fós gan réiteach a phlé le saineolaithe na mBallstát, lena n-áirítear maidir le Caighdeáin Chuntasaíochta IFRS a fhormhuiniú.

3.5. ÉAGSÚLÚ AGUS BUISÉAD

EUR 12,3 milliún a bhí i mbuiséad iomlán EFRAG le haghaidh 2023. Meastar go raibh EUR 3,3 milliún i ranníocaíochtaí comhchineáil ó thríú páirtithe, i.e. am chomhaltaí seachtracha Bhord Tuairiscithe Airgeadais agus am chomhaltaí Bhord Tuairiscithe

[11] www.efrag.org.

Inbhuanaitheachta EFRAG, Sainghrúpaí Teicniúla Tuairiscithe Airgeadais agus Tuairiscithe Inbhuanaitheachta EFRAG (ní íoctar ach na cathaoirligh), chomh maith le daoine ar iasacht go sealadach chuig rúnaíocht EFRAG.

I bhfianaise na hoibre leantaí ina dhiaidh sin ar ESRS, amhail an treoraíocht cur chun feidhme do chuideachtaí agus tacsanomaíocht dhigiteach XBRL a fhorbairt, mhéadaigh an Coimisiún ranníocaíocht an Aontais le haghaidh 2023 ó EUR 4,2 milliún go EUR 6,3 milliún chun na costais bhreise phearsanra agus riaracháin ag EFRAG a chumhdach. Tá an deontas oibriúcháin roinnte ina dhá dheontas gníomhaíochta aige, deontas amháin le haghaidh tuairisciú airgeadais (EUR 2,0 milliún) agus deontas eile le haghaidh tuairisciú inbhuanaitheachta (EUR 4,3 milliún). Tá an sciar cómhaoinithe le haghaidh tuairisciú inbhuanaitheachta níos airde. Chistigh an Coimisiún uasmhéid 60 % de chostais incháilithe EFRAG le haghaidh an tuairiscithe airgeadais agus uasmhéid 90 % de chostais incháilithe EFRAG le haghaidh tuairisciú inbhuanaitheachta. Tháinig ranníocaíochtaí airgid eile ar thuairisciú airgeadais ó eagraíochtaí geallsealbhóirí Eorpacha (EUR 0,7 milliún) agus ó roinnt eagraíochtaí geallshealbhóirí náisiúnta (EUR 1,9 milliún).

Maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta, chistigh eagraíochtaí geallsealbhóirí Eorpacha EUR 0,5 milliún, eagraíochtaí inbhuanaitheachta náisiúnta EUR 0,9 milliún agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta EUR 0,2 milliún.

4. PIOB

4.1. RIALACHAS

Is é PIOB an comhlacht maoirseachta neamhspleách domhanda a dhéanann maoirseacht ar an bpróiseas socraithe caighdeán don iniúchóireacht idirnáisiúnta, don dearbhú idirnáisiúnta agus do na caighdeáin eitice idirnáisiúnta arna gceapadh ag na boird idirnáisiúnta um chaighdeáin a shocrú: an Bord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta agus Dearbhaithe (IAASB) agus an Bord um Chaighdeáin Eitice Idirnáisiúnta do Chuntasóirí (IESBA). Is é an príomhról atá aige a áirithiú go gcuirfidh IAASB agus IESBA i bhfeidhm an phróis chuí chun caighdeáin agus straitéisí a fhorbairt, i gcomhréir leis an gcreat maidir le leas an phobail. Ó 2022 i leith, tá PIOB freagrach as comhaltaí IAASB agus IESBA a roghnú agus a ainmniú.

Déanann an Grúpa Faireacháin[12], a bhfuil an Coimisiún ina chomhalta de, faireachán ar an gcaoi a bhfuil a shainordú maidir le leas an phobail á chur i gcrích ag PIOB agus aird ar leith á tabhairt ar fhormhaoirseacht PIOB ar an bpróiseas socraithe caighdeán. Ceapann sé deichniúr comhaltaí PIOB (cé is moite den Chathaoirleach, arna cheapadh ag IOSCO).

4.2. GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Bhí an inbhuanaitheacht go mór chun tosaigh in 2023. Ábhair eile a bhaineann le freagracht an iniúchóra a neartú i ndáil le calaois, feabhsuithe i ndáil le himní atá ag méadú, caighdeán iniúchóireachta comhréireach d'eintitis nach bhfuil chomh casta sin, agus athrú iompraíochta i ndáil le pleanáil cánach bunaithe ar chaighdeán eitice nua.

[12] An Grúpa Faireacháin (iosco.org)

Roghnaigh PIOB roinnt comhaltaí nua de IESBA agus de IAASB, rud a d'fhág go raibh na huainíochtaí is mó ann le blianta. Ba chéim mhór chun cinn é sin chun Moltaí an Ghrúpa Faireacháin 2020 a chomhlíonadh maidir le comhdhéanamh ilgheallsealbhóra an dá Bhord.

Roghnaigh PIOB comhaltaí de Ghrúpa Comhairleach Páirtithe Leasmhara nua chun comhairle straitéiseach a sholáthar ó dhearcadh ilgheallshealbhóra do IESBA agus do IAASB maidir lena straitéisí, lena dtosaíochtaí plean oibre agus lena dtionscadail, a bunaíodh ansin an 6 Feabhra 2024.

An 31 Bealtaine 2024, d'fhoilsigh PIOB a 19ú Tuarascáil Phoiblí ina dtugtar forléargas iomlán ar ghníomhaíochtaí PIOB in 2023.[13]

4.3. CISTIÚ A ÉAGSÚLÚ

In 2023, EUR 2 296 552 a bhí in ioncam PIOB. Fuair PIOB 17 ranníocaíocht airgeadaíochta. Ba í Cónaidhm Idirnáisiúnta na gCuntasóirí (IFAC) an ranníocóir ba mhó fós, ach i gcomhréir le moltaí an Ghrúpa Faireacháin chun spleáchas ghairm na hiniúchóireachta ar an gcóras socraithe caighdeán iniúchóireachta a laghdú, tá laghdú tagtha ar ranníocaíocht IFAC ó EUR 1 392 754 (nó 63,56 %) in 2022 go EUR 950 000 (nó 41,37 %) in 2023. Ba e an Coimisiún an dara deontóir ba mhó fós le ranníocaíocht EUR 350 000 (nó 15,24 %), agus ina dhiaidh sin bhí Coimisiún Urrús agus Malairte na Stát Aontaithe (USD 200 000), an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chomisiúin Urrús (IOSCO) (EUR 150 000) agus an Fhondúireacht Idirnáisiúnta um Eitic agus Iniúchadh (USD 130 000. Déanann rialtas na Spáinne foráil maidir le tithíocht PIOB, ar cuireadh luach EUR 192 659 air[14].

Cé go dtiocfaidh laghdú breise ar rannchuidiú IFAC, leanann PIOB agus an Grúpa Faireacháin d'fhor-rochtain bhreise a dhéanamh chun urraitheoirí eile a mhealladh agus chun a bhonn cistithe a leathnú.

5. CONCLÚIDÍ

Le blianta fada anois, tá ranníocaíocht airgeadais déanta ag an Aontas le Fondúireacht IFRS, le EFRAG agus le PIOB. Bhí a thacaíocht leanúnach (ní hamháin ó thaobh airgeadais de, ach ó thaobh na polaitíochta de freisin) fíor-riachtanach. Chuir sé ar a gcumas a gcúraimí faoi seach a chur i gcrích ar mhaithe le leas an phobail, rud a chuir le caighdeáin chuntasaíochta agus iniúchóireachta ardcháilíochta. In 2023, leithdháileadh formhór an chistiúcháin ar EFRAG chun cuidiú le forbairt ESRS.

[13] https://ipiob.org/
[14] Tá liosta iomlán na n-aighneachtaí ar leathanach 78 de thuarascáil bhliantúil PIOB.